


Rang 3 & Rang 4
**Drámaíocht**

# An Phantaimím

**Inniu, d'inis Múinteoir John dúinn faoin bpantaimím, mar shampla:**

- An chaoi gur thosaigh sé san Iodáil sa 16ú haois
- Na carachtairí difriúla a bhíonn ann, amhail an t-airleacán agus Pierrot an fear grinn (mar a fheictear ar dheis!)
- An chaoi gur fhorbair an phantaimím in imeacht na mblianta, go háirithe i Sasana
- An phantaimím sa lá atá inniu ann – ócáid dhrámata a bhfuil baint mhór aici leis an Nollaig!




**Gné mhór de ghreann na pantaimíme í an chomharthaíocht choirp áibhéileach.** Tá ról lárnach aici seo sa Phantaimím agus baineann go leor carachtair leas as i rith an tseó ionas go mbeidh fhios ag na daoine ar chúl na hamharclanna fiú céard go díreach atá ag tarlú!

# An Phantaimím

**Seas os comhair scátháin agus déan aisteoireacht bunaithe ar na cásanna seo a leanas – ach ná úsáid focail, ach comharthaíocht choirp áiféiseach!** Nó, má tá duine eile in éineacht leat, déan babhtáil agus sibh ag aisteoireacht bunaithe ar na cásanna seo a leanas...

- Lig ort gur shiúil carachtar isteach sa seomra a bhfuil an ghráin agat air nó uirthi
- Lig ort go bhfuil tú ag titim go talamh – go drámatúil, ar ndóigh!
- Lig ort go bhfuil an plean foirfe díoltais cumtha agat in aghaidh do namhad.
- Lig ort go bhfuil rud an rud is scanrúla riamh díreach feicthe agat!
- Lig ort go bhfuil tú i ndiaidh sheasamh ar thairne.
- Lig ort gur thug tú faoi deara, don gcéad uair, cé chomh hálainn is atá tú



# Déan Aghaidh Fidil Pantaimíme

**Labhair Múinteoir John faoin gcaoi go gcaitheann carachtair sa Phantaimím aghaideanna fidil ó am go chéile, uaireanta ar mhaithe le greann, uaireanta eile chun an dallamullóg a chur ar |na carachtair eile!**

**Déan aghaidh fidil pantaimíme a dhearadh do dhuine de na carachtair pantaimíme cáiliúla seo:**

- An bhanríon ghránna ó Phlúirín Sneachta agus na Seachtar Draoidín
- An Fathach ó Jeaic agus an Gas Pónaire
- Luaithríona ag an mBál
- Cat na mBróg
- Hansel nó Gretal
- An Mac Tíre ó Chochaillín Dearg
- An Mhaighdean Bheag Mhara

Smaoinigh ar tréithe an charachtair – an bhfuil sé lách, gránna, grámhar, amadach? Cuimhnigh – beidh aghaidh fidil mhaith daite agus drámatúil!



# Suígí Síos!



**Cé nach féidir dul ag an bpantaimím san amharclann i láthair na huaire, seo thíos pantaimím ghairid bhreá dar teideal Hack to the Future.**

https://www.youtubekids.com/watch?v=TIWoyG_UpZw&hl=en-GB

**Cén síscéal ar a bhfuil an phantaimím seo bunaithe, meas tú? Cé na gnéithe pantaimíme a dtugann tú faoi deara? Cuir tic leo ar an seicliosta seo de réir mar a fheiceann tú iad...**

# Seicliosta

## Pantomime Elements Checklist

- [ ] Rhyming
- [ ] The villain character
- [ ] Harlequin character (clue: this character entertains the audience while the scenes change)
- [ ] Wigs
- [ ] Audience interaction
- [ ] Over-the-top costumes
- [ ] Exaggerated comedy